# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



## Ag Péinteáil le Focail

**Staidéar portráidíochta**
leathanach 6

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | EANÁIR 2007 | Eagrán 5

**an t-eagrán seo** / Líonra Scoile na Sraithe Sinsearaí / Teimpléid do Chártaí Tuairisce / Measúnú chun foghlama / Nuashonraí / Curaclam na Bunscoile **agus neart eile ...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte... chuig 2007

**Tá daoine ar a ndícheall ag iarraidh cloí le rúin na bliana nua faoi láthair agus iad ag gealladh go mbeidh siad níos aclaí/fearr/saibhre/suaimhní/tanaí sna míonna atá romhainn.**

Is é seo uair na cinniúna níos mó ná tús nua sa scoilbhliain dóibh siúd i saol an oideachais agus cé go bhfuil sé de chúram ar dhaoine sa réimse seo freisin a bheith níos aclaí/fearr/saibhre/suaimhní/tanaí, táimid leath bealaigh ann cheana féin.


Tá sé le mothú ar an eagrán seo go bhfuilimid leath bealaigh cheana féin. Beidh ceann nó níos mó de na teimpléid atá sa phíosa ar an dara céim d'athbhreithniú churaclam na bunscoile úsáidte ag go leor daoine atá ag obair i mbunscoileanna. Tá siad áisiúil de réir an aiseolais atá faighte againn agus mura raibh na laethanta pleanála sin agat go fóill, ba chóir duit smaoineamh ar theimpléid na CNCM a úsáid.

Ar an gcaoi chéanna, tá a fhios againn gur bhain roinnt bunscoileanna úsáid as teimpléid na gcártaí tuairisce chun tuarascálacha deiridh téarma a ullmhú ag deireadh na bliana 2006. Mura bhfuil cloiste agat fúthu sin, is féidir leat léamh fúthu san eagrán seo agus féachaint an mbeidís cabhrach duit agus tú ag tuairisciú do thuismitheoirí.

Ach is é seo tús na bliana féilire, ag a gcuirtear tús le rudaí nua, agus féadfaidh tú léamh faoi dhá shuíomh oideachais nár chuala tú fúthu cheana, b'fhéidir. Ar an gcéad cheann tá an tseirbhís phríosúin agus na cláir oideachais a thairgtear, go háirithe do chiontóirí óga. Is é raon na suíomh luathóige an dara ceann. Léigh faoi staidéar portráidíochta den scoth atá á stiúradh ag an CNCM mar chuid d'fhorbairt an Chreata don Luath-Fhoghlaim.

Míle buíochas libh as an aiseolas ar fad ar an dá eagrán deiridh; is cosúil go bhfuil níos mó agus níos mó múinteoirí ag baint leasa as info@ncca, agus é áisiúil dóibh.

Is bliain mhór í seo don CNCM – táimid ag ceiliúradh 20 bliain ar an bhfód i mbliana agus tá roinnt pleananna againn chun an ócáid a cheiliúradh. Cloisfidh tú tuilleadh faoi sin amach anseo!





Anne Looney
Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# céard atá san eagrán seo


| | |
|---|---|
| Nuashonraí | 4 |
| Ag péinteáil le focail | 6 |
| Aonaid idirthréimhseacha | 9 |
| Creatlach TFC | 10 |
| Teanga agus litearthacht | 11 |
| Measúnú chun foghlama | 12 |
| Líonra scoile na sraithe sinsearaí | 14 |
| Ag teagasc i socrú caomhnóireachta | 16 |
| Oideachas sóisialta agus polaitiúil | 18 |
| Curaclam na bunscoile | 19 |
| Teimpléid do chártaí tuairisce | 20 |


## Ag tacú le teagasc agus foghlaim…


Foilsítear **info@ncca.ie** trí huaire sa bhliain, Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán.

Dáiltear cóipeanna ar mhúinteoirí i ngach bunscoil agus iarbhunscoil sa tír. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, as Gaeilge agus as Béarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag **www.ncca.ie.** Seol ríomhphost nó litir chugainn má theastaíonn cóipeanna breise de **info@ncca** ó do scoilse.

Fáiltímid roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.



Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán gréasáin: **www.ncca.ie**

Post: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2**

# nuashonraí

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

## Treoirlínte Riachtanais Oideachais Speisialta (SEN)



Gheobhaidh gach múinteoir bunscoile agus iarbhunscoile cóip de na *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Míchumas Foghlama Ginearálta* ar CD-ROM san Earrach 2007. Foilsíodh mar dhréacht iad den chéad uair in 2002, agus rinneadh athbhreithniú orthu le cabhair aiseolais ó mhúinteoirí agus scoileanna a d'úsáid iad. Forbraíodh iad chun samplaí praiticiúla a sholáthar ar conas is féidir tacú le daltaí le míchumais foghlama ginearálta ina gcuid foghlama trasna churaclam na bunscoile agus na hiarbhunscoile. Cuirfear sraith breise, *Treoirlínte chun Teagasc agus Foghlaim Daltaí le Cumas Eisceachtúil a Threorú* ar an CD-ROM freisin.

Beidh na treoirlínte ar fáil ar **www.ncca.ie.**

## Daoine óga i gcúram

D'iarr an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an CNCM le gairid comhairle a thabhairt maidir le soláthar curaclaim do dhaoine óga i scoileanna coinneála do leanaí agus i scoileanna speisialta atá ceangailte le haonaid chúraim speisialta agus aonaid ardthacaíochta. Bíonn na scoláirí idir 9 – 17 mbliana d'aois agus bíonn deacrachtaí acu a éilíonn seirbhís chúraim agus oideachais speisialta. Déanfar an obair sa réimse sin sna míonna amach romhainn trí chomhoibriú le scoileanna agus aonaid lena mbaineann, chun creatlach cumasaithe a dhréachtú chun an curaclam atá ann cheana, nó cuid de, a chur san áireamh chun an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais na scoláirí.

## Láithreán gréasáin LIA

D'fhorbair an CNCM i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) láithreán gréasáin idirghníomhach do mhúinteoirí chun tacú le múineadh agus foghlaim litríocht na Gaeilge don Ardteistiméireacht. Tá an láithreán gréasáin LIA (Litríocht Idirghníomhach na hArdteistiméireachta) réidh le dul 'beo' anois tar éis tréimhse phíolótach i roinnt scoileanna. Tá téacsanna filíochta, próis agus míreanna físeáin as an ngearrscannán 'Clare sa Spéir'ar an láithreán. Gheobhaidh tú gearrthaifid freisin ar na dánta agus rogha próis a rinne scoláirí, múinteoirí agus daoine cáiliúla as Éirinn. Eispéireas dinimiciúil idirghníomhach a bheidh ann le taifid chlosamhairc agus físeáin, grianghraif agus íomhánna eile, ceol agus amhráin. Agus ba chóir go soláthródh samplaí de phleananna ceachta agus bileoga oibre a d'fhorbair múinteoirí ar mhaithe le múinteoirí eile chun tacú le teagasc agus le foghlaim na saothar liteartha, acmhainní bríomhara, inspreagaitheacha agus praiticiúla do mhúinteoirí Gaeilge.

LIA

Litríocht Idirghníomhach na hArdteistiméireachta

Is féidir le múinteoirí cur le forbairt leanúnach an tionscadail trí acmhainní breise a fhorbairt agus iad a uaslódáil ar an láithreán gréasáin.

Ar na pleananna don todhchaí tá forbairt ar shuíomh satailíte áit a mbeidh scoláirí in ann a gcuid saothar cruthaitheach féin a fhoilsiú, a chur ar taispeáint agus a roinnt i bhfoirm scríofa, closamhairc nó físeáin.

Seolfar LIA go hoifigiúil san earrach agus féadfar teacht air ag na seoltaí seo a leanas: **www.liaarline.ie** nó **www.scoilnet.ie/lia.** Mar is iondúil, fáilteofar roimh aiseolas uait.

## Gaeilge iarbhunscoile

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil libhse ar fad a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin ar an bplépháipéar *Soláthar curaclaim don Ghaeilge san oideachas iarbhunscoile* a cuireadh le chéile i gcomhthéacs chéim a dó den athbhreithniú ar theangacha sa churaclam iarbhunoideachais. Molann an plépháipéar soláthar don Ghaeilge a chuimseodh ceithre chúrsa don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht Bhunaithe – Cúrsa tosaigh, Gnáthleibhéal, Ardleibhéal 1 agus Ardleibhéal 2 – chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlama scoláirí ón dtosaitheoir go dtí an cainteoir dúchais.

Beidh tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar fáil go luath in 2007.



## Creat don Luath-Fhoghlaim

Tá an CNCM ag forbairt creata curaclaim do leanaí ó saolaítear iad go dtí go mbíonn siad sé bliana d'aois lena n-áirítear naíonáin bheaga agus mhóra – *Creat don Luath-Fhoghlaim.* Níl sé cosúil le Curaclam na Bunscoile sa mhéid is gur creat téamúil é a chuireann foghlaim agus forbairt leanaí i láthair trí théamaí idirnasctha leithne:

- Folláine
- Féiniúlacht agus muintearas
- Cumarsáid
- Fiosrú agus machnamh

Tá saibhreas taighde ar conas a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí mar bhonntaca leis an gcreat agus táimid ag tabhairt páipéir chúlra chun críche faoi láthair a dhéanann athbhreithniú ar an taighde seo agus a fhorléiríonn na príomhtheachtaireachtaí. B'fhéidir go gcuideodh na teachtaireachtaí sin leat i do chuid oibre le naíonáin bheaga agus/nó naíonáin mhóra. Beidh cóip den pháipéar cúlra agus achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí le fáil ar láithreán gréasáin na CNCM go luath in 2007.

## Oideachas forbartha

Le déanaí, sheol an CNCM i gcomhar le Cúnamh Éireann *'A Study of Opportunities for Development Education at Senior Cycle'*. Leagann sé amach cá bhfuil na deiseanna chun peirspictíocht dhomhanda a ghlacadh maidir le teagasc sa tsraith shinsearach agus soláthraítear go leor smaointe do mhúinteoirí laistigh d'ábhair aonair agus trasna ábhair éagsúla.

Agus duine ag féachaint ar ábhar shiollabais na hArdteistiméireachta, chuirfeadh a mhinice agus a thagann topaicí atá comhchosúil agus a bhaineann le dlí domhanda agus forbairt inbhuanaithe iontas ort.




Is minic a bheadh scoláirí i mbun staidéir ar an topaic chéanna le roinnt múinteoirí ag an am céanna agus b'fhéidir nach dtuigfidís go mbeidís in ann oibriú le chéile. Soláthraíonn an staidéar seo moltaí praiticiúla chun naisc a dhéanamh trasna an churaclaim.

Más mian leat cóip den tuarascáil a fháil, téigh i dteagmháil leis an Aonad Oideachais Forbartha, Cúnamh Éireann, Cearnóg an Easpaig, Cnoc Réamainn, Baile Átha Cliath 2 (01-4082000). Is féidir í a íoslódáil freisin ó **www.irishaid.gov.ie** agus **www.ncca.ie.**

**Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar na tionscnaimh atá luaite anseo ach cuairt a thabhairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie**
**Seol do thuairimí ar info@ncca nó do mholtaí maidir le topaicí le cur san áireamh chuig newsletter@ncca.ie**

# Ag Péinteáil

## Staidéar portráidíochta

**D'eagraigh an CNCM roinnt seimineár agus cruinnithe ar fud na tíre in 2004 mar chuid de chomhairliúchán leo siúd a oibríonn le leanaí ó saolaítear iad go mbíonn siad sé bliana d'aois, múinteoirí ranganna naíonán ina measc. Dhírigh an comhairliúchán ar an obair atá déanta againn ó thaobh creat curaclaim a fhorbairt don luathfhoghlaim. Ag an am, bhíomar ag iarraidh bealach a aimsiú chun dul i gcomhairle le leanaí chomh maith le daoine fásta – chun a fhiafraí díobh:**

*Conas a mhothaíonn sé i ndáiríre a bheith i suíomh luathóige mar rang naíonán?*

### Thug portráidíocht bealach dúinn chun é sin a dhéanamh.

### Cad is portráidíocht ann?

Is ionann portráidíocht agus taifead a dhéanamh agus léirmhíniú a thabhairt ar pheirspictíochtaí agus ar eispéiris dhaoine i suímh áirithe. Sa staidéar a rinneamar, d'oibríomar le dhá leanbh déag in aon suíomh déag: teach linbh, naíolann, dhá crèche, teach feighlí, naíonra, réamhscoil Montessori, rang Túis Luath, réamhscoil don Lucht Siúil agus dhá rang do naíonáin bheaga.

Trí éisteacht leis na leanaí, labhairt leo agus páirt a ghlacadh ina gcuid nósanna agus ina gcuid imeachtaí thar roinnt seachtainí, fuaireamar tuiscint níos fearr ar an eispéireas a bhí ag gach leanbh den am a chaith sé/sí sa suíomh. Thug cleachtóirí/múinteoirí na leanaí agus a gcuid tuismitheoirí léargas freisin ar a gcuid smaointe maidir le heispéiris na leanaí sna suímh dhifriúla.

### Ag bailiú eolais

Agus an phríomhcheist ar intinn againn, d'úsáideamar na treoircheisteanna seo a leanas chun cuidiú linn eolas a bhailiú ó na leanaí agus faoi na leanaí ionas go rabhmar in ann portráid iontaofa a thógáil de gach leanbh:

- Cad a thaitníonn leis an leanbh sa suíomh seo? Cén fáth?
- Cad iad na háiteanna is maith leis/léi a bheith? Cén fáth?
- Cé in éineacht leis is maith leis/léi a bheith? Cén fáth?
- Cad ba mhaith leis/léi a athrú sa suíomh? Cén fáth?

De bhrí go raibh an leanbh ab óige sa staidéar naoi mí (sea, naoi mí d'aois!) d'úsáideamar roinnt bealaí difriúla chun ár gcuid eolais a bhailiú lena n-áirítear breathnadóireacht, grianghrafadóireacht, cloistaifid agus taifid físeáin, turais siúlóide, déanamh léarscáileanna agus agallaimh.

### Na Portráidí

Tá eispéiris na leanaí curtha i láthair sna portráidí faoi na téamaí: Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Fiosrú agus Machnamh mar atá leagtha amach i ndoiciméad comhairliúcháin na CNCM *I dTreo Creata don Luath-Fhoghlaim* (2004). Soláthraíonn na portráidí aonair léargas faoi na téamaí atá i mbun oibre ar fud raon suíomh luathóige in Éirinn.

Is roghbhlúire é seo a leanas de chuid de na heispéiris a roinn triúr de na leanaí sa staidéar linn. D'fhéadfaidís smaointe a thabhairt duit i do sheomra ranga Túis Luath nó i do sheomra naíonán féin. Léigh leat ar phortráidí Caroline, Andrew agus Matt.



# le focail

## Caroline

Tá Caroline ceithre bliana go leith. Freastalaíonn sí cúig lá na seachtaine ar aonad Túis Luath atá ceangailte le bunscoil mhór uirbeach. Is maith léi a bheith chun cinn in imeachtaí, agus tá sí sách neamhspleách. Is maith léi súgradh ina bhféadann sí a bheith ag méiseáil le huisce, gaineamh agus márla. Is maith léi a bheith ag líníocht freisin agus ag dathú chomh maith le leabhair agus scéalaíocht. Is maith lena máthair na bileoga a sheolann an scoil abhaile gach seachtain le focail na n-amhrán agus na rann atá á bhfoghlaim ag na leanaí.

*Ainmhithe* an topaic reatha. Bhí na leanaí ag déanamh míreanna mearaí d'ainmhithe agus cluichí meaitseála agus ag péinteáil patrún ainmhithe ar nós stríocaí agus spotaí. Tá siad ag foghlaim ainmneacha na n-ainmhithe óga difriúla, agus beidh siad ag tabhairt cuairte ar fheirm go luath in éineacht lena gcuid tuismitheoirí. Is bosca le heireabaill ainmhithe fionnaitheacha an cluiche is fearr le Caroline – go speisialta an t-eireaball stríocach tíogair atá ann. Cuireann Caroline na heireabaill isteach ina gabhail iad sin agus ligeann sí uirthi féin gur tíogar, eilifint nó moncaí í. Insíonn an múinteoir scéal faoi choileán tíogair a thagann i ngan fhios ar na hainmhithe eile agus a scanraíonn iad.

Déanann Caroline glór *rarrrrrhhhh tíogair* nuair a bhíonn an píosa sin sa scéal. Tá eolas maith ag na leanaí ar an scéal agus iarrann Martina, an múinteoir orthu *'cad a tharlóidh anois?'* nó, *'cad a cheap na hainmhithe an uair sin?'* a thuar sula n-iompaíonn sí an leathanach. Taispeánann Martina cén sórt cuma a bhíonn ar éadan na n-ainmhithe agus iarrann sí ar na leanaí buille faoi thuairim a thabhairt ar cad a mhothaíonn na hainmhithe. Iarrann sí orthu ansin éadan lán d'iontas nó d'fhaitíos a dhéanamh iad féin. Bíonn Caroline agus a cara Sarah ag faire go grinn – is breá leo scéalaíocht. Is fada le Caroline go dtiocfaidh a babhta féin an leabhar a thabhairt abhaile agus é a roinnt lena tuismitheoirí agus lena deirfiúr.

Feiceann Caroline a hainm féin priontáilte agus tá sí ag déanamh iarrachtaí anois é a scríobh. Is breá léi an scoil agus bíonn sí ag súgradh scoil sa bhaile go minic lena deirfiúr. Dar le Caroline, *'Insíonn múinteoirí duit cad ba chóir duit a dhéanamh!'* I gcás máthar Caroline, ní hamháin go bhfuil go leor foghlama ag Caroline ag Tús Luath ach freisin: *'tá comhluadar aici, cairde. Bíonn scéilín éigin aici ag teacht abhaile di, is féidir léi comhrá a dhéanamh, insint duit faoin lá a bhí aici, cé a bhí dána agus cé a bhí go maith!'*


## Andrew


Tá Andrew beagnach sé bliana d'aois. Tá sé cruthaitheach agus is maith leis a bheith ag úsáid a chuid lámha. Tá sé sna naíonáin bheaga i scoil ceathrar múinteoirí faoin tuath i gCúige Mumhan. Is maith leis rudaí nua a fhoghlaim go speisialta matamaitic agus eolaíocht - deireann a mhúinteoir agus a mháthair gur *'breá leis eolas a fháil faoi rudaí'*. Deireann sé gurb é an rud is fearr leis ar scoil ná turgnaimh, ag fáil amach cad a bheidh ag snámh agus cad a rachaidh go tóin poill. Ba mhaith leis tuilleadh ama a bheith aige uaireanta chun píosa oibre a chur i gcrích de bhrí gur maith leis gach rud a fháil díreach ceart agus is minic nach mbíonn a dhóthain ama aige le rud a chríochnú. Is maith leis cluichí focal, go speisialta nuair a bhuann sé féin! Is breá leis a bheith ag amhránaíocht agus ag déanamh rudaí os comhair daoine.

Tá *Am Scéalta* rialta i rang Andrew agus roghnaíonn múinteoir Andrew beirt leanaí le bheith mar thuairisceoir agus fear/bean ceamara. Bíonn micreafón agus ceamara bréagacha acu agus cuireann siad agallamh ar dhuine as an rang a bhfuil rud éigin tugtha isteach sa rang aige/aici le labhairt faoi agus a thaispeáint don rang. Is breá le Andrew nuair a phioctar é le bheith ina thuairisceoir, ag aithris ar cheisteanna na leanaí eile agus ag cur ceisteanna é féin. Fiafraíonn Andrew do Megan: *'Cá bhfuair tú an madra bréagach sin?'* Freagraíonn Megan é: *'Sa Bhreatain Bheag'*. Níl aon duine cinnte, Megan ach an oiread, cá bhfuil an Bhreatain Bheag, ná conas a théann tú chomh fada leis (*'Bhí sé dorcha'*, a deir Megan). Mar sin, tugann an múinteoir anuas an cruinneachán agus taispeánann sí dóibh é. Ansin bíonn plé mór air sin, ag tabhairt eolaíochta agus tíreolaíochta isteach sa chaint chomh maith le teanga. Déanann an múinteoir taifead ar na ceannlínte nuachta ar an gclár, agus is minic a bhreathnaíonn Andrew agus a chuid cairde ar an gclár i rith an lae chun a gcuid ainmneacha a fheiceáil air agus an méid a deirtear ann fúthu a léamh.

Níl an oiread suime ag Andrew ar an rí-rá a bhíonn sa chlós ag am lóin, ach is maith leis a bheith ag imirt cluichí tóraíochta agus ag ról-imirt le grúpa beag dá chairde. Tá sé ag tnúth le comóradh a lae breithe; tá cuireadh faighte ag na leanaí ar fad sa rang chuig a chóisir. Is fada leis freisin go mbeidh sé sna naíonáin mhóra.



## Matt

Tá Matt cúig bliana agus naoi mí d'aois. Tá sé sna naíonáin bheaga i scoil shóisearach mhór i mBaile Átha Cliath. Cuimhníonn máthair Matt ar chomh tapa agus chomh héasca is a shocraigh sé isteach ar scoil: *'Ní raibh uaigneas riamh air; bhí sé chomh ríméadach agus ar bís le dul ar scoil.'*

Is breá le Matt a bheith ag obair le Lego, ag spraoi le carranna bréagacha agus ag leanúint na mbuachaillí eile thart sa chlós. Deireann Matt: *'bíonn na buachaillí ag spraoi le buachaillí agus na cailíní ag spraoi le cailíní, agus sin é, ní bhímid ag spraoi le chéile!'* (riail a leag na leanaí amach iad féin). Is breá le Matt freisin a bheith ag péinteáil mar *'is féidir leat rud ar bith is mian leat a phéinteáil'* a deir sé. Is breá leis a bheith ag roinnt scéalta faoina theaghlach agus labhraíonn sé faoina dhaid atá ag obair i dtíortha difriúla agus faoina uncail san Astráil a bhfuil peataí aige sa ghairdín, 'is geall le siopa peataí é!'

Tá ealaín, samhlacha agus luath scríbhneoireacht na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga. Tugann sé sin féiniúlacht dá gcuid féin do Matt agus na leanaí eile mar fhoghlaimeoirí óga. Is breá le Matt a chuid oibre a thaispeáint agus leabhair a rinne sé féin agus a chuid cairde sa rang: *Our book of I love,* ina raibh leathanach inar chuir gach leanbh pictiúr de rud éigin a thaitin leo agus scríobh an múinteoir dóibh. Is breá le Matt freisin an leabhar *My toys,* a aithníonn na bréagáin difriúla a thaitníonn leis, a chuid carranna beaga féin ina measc ar ndóigh!

Is breá le Matt a bheith gníomhach ina chuid foghlama agus nuair a fhiafraítear dó cén fáth go dtéann sé ar scoil deireann sé: *'Chun rudaí a dhéanamh.'* Is breá leis rudaí a fhoghlaim trí chineálacha súgartha difriúla. Baineann a mhúinteoir úsáid go minic as *stáisiúin ciorcas ag súgradh* chun tacú le Matt agus leis na leanaí eile ina gcuid foghlama trasna an churaclaim. I measc na stáisiún sin tá an tráidire uisce, an tráidire gainimh, an ríomhaire, míreanna mearaí, sraitheanna beaga den domhan mar píosaí feirme, cluichí matamaitice agus teanga, ról-imirt agus súgradh samhlaíoch, agus limistéar tógála. Bíonn deis ag Matt rudaí a fhoghlaim ag stáisiún difriúil in éineacht lena chairde. Bogann an múinteoir ó stáisiún go stáisiún ag tacú leis na leanaí agus ag treorú a gcuid foghlama. I measc na stáisiún is fearr le Matt tá an tráidire uisce, an ríomhaire agus an limistéar tógála.

Is breá le Matt a bheith sna naíonáin bheaga agus cuireann sé síos ar a chuid cairde sa rang mar *'teaghlach mór le chéile'.*



## Príomhtheachtaireachtaí

Cé go gcuireann na portráidí béim ar eispéiris aonair na leanaí i suímh luathóige, tarraingíonn siad aird ar roinnt príomhtheachtaireachtaí faoi luathfhoghlaim leanaí. Ina measc sin tá an tábhacht atá leis an teaghlach agus le caidrimh i saol leanaí, an tábhacht agus an taitneamh a bhaintear as foghlaim trí shúgradh agus ról an mhúinteora i dtacú le agus i dtreorú foghlaim na leanaí. Tabharfaidh na príomhtheachtaireachtaí sin, agus cinn eile, treoir d'obair leanúnach na CNCM chun an *Creat don Luath-Fhoghlaim* a fhorbairt.

Más mian leat tuilleadh a léamh as portráidí Caroline, Andrew agus Matt, nó go deimhin aon chuid de phortráidí na leanaí eile, logáil isteach ar láithreán gréasáin na CNCM.



## Míle buíochas

Míle buíochas leis na príomhoidí, múinteoirí agus na tuismitheoirí a chuidigh leis an staidéar portráidíochta. Agus buíochas speisialta le Caroline, Andrew agus Matt as cead a thabhairt dúinn tréimhse a chaitheamh leo ina gcuid ranganna Túis Luath agus naíonán, agus as a gcuid eispéiris a roinnt linn.

**Úsáideadh ainmneacha samhailteacha san alt seo.**





# Aonaid Idirthréimhseacha

## Comhchodanna nua den churaclam a fhorbairt

Tuigtear do go leor múinteoirí agus scoileanna go dtugann solúbthacht na hIdirbhliain deiseanna dóibh cláir staidéir bhríomhara agus nuálaíocha a fhorbairt. Thar na blianta, tá tacaíocht faighte ag scoileanna san obair sin ó Sheirbhís Tacaíochta na hIdirbhliana agus, le déanaí, ón tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal. Tá acmhainní forbartha ag go leor eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí freisin atá úsáideach do scoileanna mar chuid dá gcláir Idirbhliana.

Ar ndóigh, ba chóir d'aon fhorbairti sa tsraith shinsearach iarbhunoideachais tógáil ar an eispéireas agus an saineolas atá i scoileanna cheana féin, agus leanúint de dheiseanna nuálacha curaclaim faoi stiúir an mhúinteora a éascú.


### Céard is aonad idirthréimhseach ann?

Is comhchuid nua curaclaim atá á forbairt mar chuid den tsraith shinsearach iad na haonaid idirthréimhseacha (AI). Is aonaid staidéir 45 uair an chloig iad atá deartha chun tógáil ar mhodúil rathúla atá á dtairiscint ag scoileanna cheana féin ina gcláir Idirbhliana.

Agus aonaid idirthréimhseacha á bhforbairt, is féidir le scoileanna roinnt acu a chruthú 'as an nua ar fad' – ag oscailt réimsí nua foghlama do scoláirí; b'fhéidir go roghnóidís roinnt de na modúil a thairgeann siad cheana féin ina gclár Idirbhliana, agus iad a athdhréachtú mar AI; nó is féidir le scoileanna oibriú freisin le gníomhaireachtaí seachtracha, mar eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna).

### Conas a dhéanfaidh scoileanna forbairt ar AI?

Ullmhóidh scoileanna cuntas scríofa ar gach ceann de na haonaid a thairgeann siad sa tsraith shinsearach. Tá teimpléad forbartha ag an CNCM chun cuidiú le scoileanna na cuntais sin a scríobh. I measc na bpríomhghnéithe a chlúdaítear sa teimpléad tá




**Tugann 'roth' na nAonad Idirthréimhseach (AI) tuairim éigin duit faoi na príomhchineálacha aonaid a d'fhéadfadh scoileanna a fhorbairt.**

- Teideal an aonaid idirthréimhsigh
- Réimse staidéir
- Aidhmeanna
- Achoimre ar an aonad
- Torthaí foghlama
- Eochair scileanna
- Naisc
- Modheolaíochtaí
- Modhanna measúnachta
- Meastóireacht
- Acmhainní.

### Cén fáth gur chóir do scoileanna páirt a ghlacadh i bhforbairt AI?

Trí AI a thabhairt isteach i gcuraclam na sraithe sinsearaí, soláthraítear deis do scoileanna raon níos leithne d'eispéiris oideachais a thairiscint do scoláirí. Agus cur chuige ginearálta na hIdirbhliana á choinneáil, úsáidfear raon leathan modheolaíochtaí i dteagasc na n-aonad, mar fhoghlaim idirbheartach, foghlaim trí ghníomhaíocht, obair ghrúpa, plé, díospóireacht, obair thionscadail, taighde, úsáid TFC, cuairteanna staidéir agus taithí oibre. Cinnteoidh sé sin go ndéantar dóthain freastail ar riachtanais fhoghlaimeoirí le cúlraí oideachais difriúla agus stíleanna foghlama difriúla.

Tá an mheasúnacht mar chuid de theagasc agus d'fhoghlaim gach AI. Cé gur féidir éagsúlacht modhanna foirmitheacha agus achoimreacha a úsáid, cuirtear béim ar leith ar an gcineál measúnachta a sholáthróidh aiseolas ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí maidir lena gcuid láidreachtaí agus laigí – chun cuidiú leo a gcuid foghlama a fheabhsú agus chun cuidiú le múinteoirí ó thaobh pleanála.

### Cad a dhéanfaidh scoileanna anois?

Cé nach bhfuil na gnéithe ar fad a bhaineann le hAI i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill, b'fhiú do scoileanna féachaint ar a gClár Idirbhliana – féachaint an bhféadfaí aon cheann de na cúrsaí nó na modúil atá á dtairiscint acu a chur in oiriúint don teimpléad AI. Chun tuilleadh eolais ar fhorbairt na nAI a fháil, téigh i dteagmháil le **newsletter@ncca.ie.**

# Creatlach TFC

## Cur chuige struchtúrtha

*TFC, digiteach, líonrú, leathanbhanda, podcastáil, blogáil.....*



**Athraíonn an téarmaíocht chomh tapa céanna uaireanta leis an teicneolaíocht féin. Is gnáthchuid de shaol go leor daoine iad uirlisí TFC mar ceamaraí digiteacha, fístaifeadáin, ríomhairí, scanóirí agus gléasanna soghluaiste, ach conas a chuideoidh sé liomsa mar mhúinteoir chun eispéiris foghlama leanaí a phleanáil agus a sholáthar sa seomra ranga?**

Tá *ICT Framework: A structured approach to ICT in curriculum and assessment* forbartha ag an CNCM. Aithníonn an chreatlach seo an t-eolas, an tuiscint, na dearcaí agus na scileanna TFC ar chóir a bheith ag gach scoláire ón mbunscoil go dtí deireadh na sraithe sóisearaí / an oideachais éigeantaigh. Is 'scafall' traschuraclaim é – uirlis phraiticiúil chun tacú le múinteoirí deiseanna a phleanáil agus a chur ar fáil do scoláirí chun a litearthacht TFC a fhorbairt trasna an churaclaim. Eagraítear an chreatlach i gceithre réimse foghlama atá gaolmhar:

- Eolas, scileanna agus coincheapa bunúsacha
- Cruthú, cumarsáid agus comhoibriú
- Ag smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach
- Tionchar sóisialta agus pearsanta TFC.

### Tionscnamh forbartha scoilbhunaithe

Faoi láthair, táimid ag obair le 5 bhunscoil (Baile Átha Cliath) agus 6 iarbhunscoil (Corcaigh agus Cill Dara) chun eolas a bhailiú ar úsáidteacht agus ar fhéidearthacht na creatlaí TFC i raon comhthéacsanna scoile, agus ar na hacmhainní a theastaíonn chun tacú lena feidhmiúchán. Tá múinteoirí sna scoileanna sin ag cur na creatlaí i bhfeidhm ina gcuid ranganna ó mhí na Samhna agus leanfar de sin go dtí Aibreán 2007. Tosóidh said an mhí seo ar aiseolas a sholáthar ar dhul chun cinn agus ar thorthaí a chuideoidh lena chinntiú go mbeidh an chreatlach athléirithe ina taca áisiúil sa seomra ranga.

### Cá háit agus cathain?

Beidh dréacht den Chreatlach TFC ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM ó thús 2007, chomh maith le samplaí praiticiúla oibre a léireoidh conas is féidir í a úsáid chun teagasc agus foghlaim a chónascadh i réimsí curaclaim agus ábhair dhrifriúil. Mar gheall ar na samplaí,



- taispeánfaidh siad conas a bhaineann úsáid TFC le curaclam nó siollabas
- soláthróidh siad treoracha sonraithe ar cad a bheidh le déanamh
- taispeánfaidh siad fíor-imeachtaí seomra ranga ag baint úsáide as TFC i bhformáid ilmheáin.



### Samplaí oibre

D'fhéadfaí an **chéad** sampla a úsáid i rang naíonán nó a chur in oiriúint le teacht leis an aoisghrúpa do leanaí níos sine.

**Acmhainní d'eispéireas teanga a chruthú**

Chruthaigh na Naíonáin Bheaga a gcuid 'leabhar' féin le haghaidh léitheoireachta. Bhí dath mar théama ag gach grúpa – dearg, glas agus mar sin de. Bhailigh na naíonáin rudaí sna dathanna sin agus thóg siad grianghraf díobh le ceamara digiteach. Chuir an múinteoir na pictiúir isteach i Powerpoint, rinneadh formáidiú ar na sleamhnáin agus priontáladh amach iad chun leabhair *Dathanna* a dhéanamh. Ar an mbealach céanna, rinne na naíonáin leabhair *Cruthanna* agus mar sin de.

Thóg na leanaí grianghraif dá chéile freisin agus ghearr an múinteoir suas iad chun míreanna mearaí pearsanta a dhéanamh de gach leanbh. De réir mar a rinne siad a mír mearaí féin agus ceann de leanbh eile, d'fhorbair na leanaí a bhféinmheas, agus fuair siad tuiscint agus meas ar leanaí eile sa rang.

**Conas a chuaigh TFC chun leasa d'fhoghlaim na leanaí?**

Chuidigh na gníomhaíochtaí leis na leanaí a gcuid foghlama faoi dhathanna agus cruthanna **(Matamaitic)** a chomhdhlúthú. Bhí deiseanna acu comhoibriú i ngrúpaí agus scileanna sóisialta, teanga labhartha, féiniúlacht agus tuiscint ar dhaoine eile sa rang **(OSPS)** a fhorbairt. D'fhorbair said dearcaí dearfacha faoin léitheoireacht agus chleachtaigh siad bunscileanna léitheoireachta de réir mar a léigh siad na leabhar a chruthaigh siad féin **(Béarla).**

info@ncca

D'fhéadfaí an **dara** sampla a úsáid i rang sinsearach bunscoile nó i rang sóisearach iarbhunscoile.

### Ag baint úsáide as Google Earth chun muintearas a fhorbairt

D'úsáid leanaí i rang 5 agus 6 Google Earth chun léargas aeróige a fháil ar a gceantar áitiúil ag earth.google.com. Tríd an ríomhaire a nascadh le teilgeoir sonraí, bhí na leanaí ábalta teacht ar a mbaile féin trí dhíriú isteach ó léargas domhanda. Chuardaigh siad tírdhreacha áitiúla, bealaí iompair agus bóithre, rinne said comparáid idir úsáidí difriúla na talún agus mar sin de. Rinne siad iniúchadh ar conas a bhí a mbailte nasctha le háiteanna eile trí líonraí bóithre, agus iarnróid. Thug an léarscáil aeróige deis dóibh a bpeirspictíocht a chur i gcomparáid lena n-eolas áitiúil agus le léarscáileanna den cheantar áitiúil trí tírdhreacha agus bealaí a raibh aithne mhaith acu orthu a aithint. D'aimsigh siad áiteanna eile leis an domhanleithead céanna agus d'úsáid siad é seo mar phointe tosaigh le haghaidh staidéar aeráide. Ag baint úsáide as an léargas aeróige ba nuaí, chonaic siad go raibh fás tagtha ar an mbaile le blianta anuas. Bhí rochtain ar line acu freisin tríd an leabharlann áitiúil ar léarscáileanna stairiúla agus grianghraif dá gceantar féin dá gcuid tionscadal.

### Conas a chuaigh TFC chun tairbhe d'fhoghlaim na leanaí?

Chuidigh an ghníomhaíocht seo leis na leanaí braistint go raibh ceangal acu le háiteanna eile ar domhan **(OSIE: Tíreolaíocht).** D'fhorbair siad an t-eolas a bhí acu ar choincheapa léarscáilíochta mar scála agus peirspictíocht tríd an léarscáil ar líne a chur i gcomparáid le léarscáil ar an scála mór. D'fhoghlaim siad freisin conas a úsáidtear siombailí i léarscáileanna agus sheiceáil siad domhanfhad agus domhanleithead a n-áit féin. D'fhorbair siad a dtuiscint ar athrú thar am trí léarscáil níos sine den cheantar a chur i gcomparáid le léarscáil nua-aimseartha **(OSIE: Stair).**

Beidh siad sin agus go leor samhlacha oibre eile do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM go luath in 2007. Má tá smaointe maithe agat chun TFC a úsáid sa seomra ranga, cén fáth nach n-insíonn tú dúinn fúthu ag **newsletter@ncca.ie.**

# Teanga agus litearthacht

'Buíochas mór' le gach duine a bhí rannpháirteach i gcomhairliúchán na CNCM ar *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán,* a tháinig chun críche ag deireadh Mheán Fómhair 2006. Fuaireamar os cionn 600 freagra trí cheistneoirí ó phríomhoidí, múinteoirí, baill Bhoird Bainistíochta, tuismitheoirí, leanaí atá ag freastal ar bhunscoileanna agus scoláirí iarbhunscoile a d'fhreastail ar bhunscoileanna ina raibh an Ghaeilge mar mheán. Fuaireamar aighneachtaí níos sonraithe freisin ó roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí.

D'ardaigh rannpháirtithe an chomhairliúcháin roinnt ceisteanna a bhí ag déanamh imní dóibh. Ina measc sin bhí:

- an leibhéal inniúlachta atá ag páiste i dteanga labhartha an teaghlaigh agus na scoile araon
- an teanga inar chóir tús a chur leis an litearthacht
- an cineál scoile – cibé an Gaelscoil í nó scoil i limistéar Gaeltachta ainmnithe
- an fháil atá ar sholáthar tacaíochta foghlama, ar uirlisí measúnaithe agus ábhair chuí i nGaeilge.

Léirigh múinteoirí i gceantair Ghaeltachta imní faoi ról na scoile, más ann dó, i gcaomhnú na teanga. Bhí imní ar roinnt tuismitheoirí leanaí i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna maidir lena ról dóthain tacaíochta a thabhairt dá leanbh le hobair bhaile de réir mar a chuaigh an leanbh ar aghaidh sa scoil. D'eagraíomar seimineár cuiridh i ndiaidh an chomhairliúcháin chun díriú ar impleachtaí na saincheisteanna ar fhorbairt treoirlínte chun tacú le scoileanna sa réimse sin. Más maith leat tuilleadh eolais a fháil faoin seimineár, logáil isteach ar láithreán gréasáin na CNCM.

Sa scoilbhliain 2007/2008, beidh treoirlínte ar fáil do bhunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán chun tacú leo i bhforbairt teanga agus litearthachta leanaí. Sna treoirlinte seo tógfar san áireamh athbhreithniú ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar theanga agus litearthacht, atá ar fáil freisin le híoslódáil ónár láithreán gréasáin ag www.ncca.ie.

Gabhann an CNCM buíochas arís leo siúd ar fad a thóg an t-am páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Is trí oibriú go díreach le múinteoirí agus foghlaim faoi bhur rathúlachtaí agus na dúshláin a dtugann sibh aghaidh orthu in bhur gcuid oibre le leanaí ó lá go lá is fearr is féidir linne tacú libh sa seomra ranga.

# Measúnú chun

Má léigh tú roinnt de na hailt ar Mheasúnú chun Foghlama (McF) sna heagráin deiridh de info@ncca.ie cuimhneoidh tú ar an mbéim a leagann an cur chuige teagaisc agus foghlama seo ar an tábhacht atá le haiseolas soiléir, dírithe a thabhairt d'fhoghlaimeoirí.

Baineann an t-aiseolas seo leis an rún foghlama agus na critéir rathúlachta a bheidh roinnte ag an múinteoir leis na scoláirí. Mar sin, nuair a bhíonn tú ag freagairt d'obair bhaile nó d'obair ranga, cad air a dteastaíonn uait béim a chur san aiseolas? Beidh tú ag iarraidh **trí rud** a chur in iúl don fhoghlaimeoir:

- cad iad na gnéithe den obair ar éirigh go maith leo iontu
- cad iad na gnéithe a d'fhéadfaí a fheabhsú
- conas na feabhsúcháin sin a dhéanamh

Bhí an CNCM ag obair le grúpa múinteoirí chun samhlacha den chineál sin aiseolais a fhorbairt – an chuma a bhíonn air ó lá go lá, i ngnáthsheomraí ranga iarbhunscoile de chuid na sraithe sóisearaí. Tá na hábhair forbartha le huaslódáil ar ár láithreán gréasáin, ach seo réamhamharc ar cheann nó dhó.

## Sampla de Stair do lucht 3ú bliana

**Réimse siollabais** *Tuiscint ar an Saol Nua-Aimseartha* agus is é an topaic ná *Athrú Sóisialta sa 20ú hAois.*

Cuireann an múinteoir síos ar an **rún foghlama** mar seo: *'Forbróidh scoláirí tuiscint níos doimhne faoin saol i nGearmáin na Naitsithe trí staidéar doimhin a dhéanamh ar ról na mban sa tsochaí sin.'*

Is iad seo a leanas na **critéir chun rathúlachta:**
*Beidh scoláirí in ann:*
*Ról na mban i nGearmáin na Naitsithe a aithint go soiléir*

*Na hathruithe atá tagtha ar stíl mhaireachtála na mban mar thoradh ar riail Hitler a phlé.*

Seo é **an tasc** a thug an múinteoir dá rang:

- *Déan cur síos go sonrach, i bhfoirm dialainne, ar stíl mhaireachtála na mban i nGearmáin na Naitsíthe.*

Rinne an múinteoir cur síos ar na coinníollacha faoina ndearna na scoláirí an tasc:

*'Tar éis plé ranga ar mhná na Naitsithe bunaithe ar fhoinsí príomha agus tánaisteacha, tugtar an tasc do na scoláirí mar obair bhaile, le bheith comhlánaithe don chéad rang eile.'*

## Scoláire A

### Bean i nGearmáin na Naitsithe

*A Dhialann,*

*Nuair a chuaigh mé chun aisíocaíocht bheag a dhéanamh ar m'iasachtaí pósta inniu dúradh liom go bhfuil tuairimí an-sean-nósacha agam mar gheall ar mo ghléasadh. Caithim gúnaí tuathánaigh, bróga gan sála agus bíonn mo ghruaig ceangailte siar agam i gcocán nó i dtrilseáin.*

*Theastaigh uaim cur isteach ar pholaitíocht ach ní cheadaítear do mhná poist shinsearacha a bheith acu.*

*Chuaigh m'iníonacha go dtí a ngnáth-eagraíochtaí inniu. Ní múintear ach dhá rud dóibh anseo: aire a thabhairt dá gcolainn ionas go mbeidh siad in ann an oiread leanaí agus a theastaíonn ón stát a bheith acu agus a bheith dílis don Sóisialachas Náisiúnta. Dúradh liom go mbrisfear mé as mo phost mar dhlíodóir. Caillteanas mór a bheidh anseo do mo theaghlach.*

*Ar an drochuair ní gach bean a bhíonn in ann pósadh ar nós mo dheirfiúr Margaret, toisc go bhfuil fir an-ghann go deo. Ní bhainfidh sí leas ach an oiread as na hiasachtaí pósta móra. Tugtar iad sin do pháirtithe conartha a bhíonn in ann an t-airgead a fháil ar iasacht ón rialtas agus é a aisíoc go mall nó cuirtear ar ceal ar fad iad nuair a shaolaíonn an bhean dóthain leanaí.*

*Bíonn Hitler agus na Naitsithe i gcónaí ag gearán nach bhfuil dóthain spáis ag na daoine, ach fós féin deireann sé linn tuilleadh leanaí a bheith againn.*

*Níl sé ceart ná cóir; níl cearta ar bith againn mar mhná seachas leanaí a thabhairt ar an saol agus obair chrua a dhéanamh. Ní cheadaítear dúinn páirt a ghlacadh sa saol polaitiúil; go deimhin tá sé beartaithe ag Hitler an vóta a bhaint dínn amach anseo.*

*Seo deich gcinn de rialacha tábhachtacha a chaithfidh bean a chomhlíonadh nuair a bhíonn sí ag smaoineamh ar phósadh:*

- *Ná déan dearmad gur Gearmánach tú.*
- *Bí fíorghlan in intinn agus i spiorad!*
- *Bíodh do cholainn fíorghlan!*
- *Má tá tú in ann leanaí a bheith agat le hoidhreacht, ná fan singil!*
- *Ná pós mura bhfuil tú i ngrá.*
- *De bhrí gur Gearmánach tú, ná roghnaigh ach fear den fhuil chéanna nó atá gaolmhar!*
- *Nuair a roghnaíonn tú fear, bí fiosrach faoin dream a chuaigh roimhe!*
- *Tá sláinte riachtanach le bheith ag breathnú go maith.*
- *Bí ar thóir páirtí le pósadh, ní duine chun spraoi leis.*
- *Bí ag guí go mbeidh an oiread leanaí agus is féidir leat agat! Tá sé de dhualgas ort ceathrar ar a laghad a bheith agat chun todhchaí an stoic náisiúnta a chinntiú.*

# foghlama

Aiseolas tacúil a thabhairt

Feicfidh tú dhá shampla ar na leathanaigh seo d'obair a rinne Scoláirí A agus B mar fhreagra ar an tasc. Tá an chéad fhreagra, ó Scoláire A, níos críochnúla agus níos fearr tríd is tríd. Chun críche an ailt seo, díreoimid ar conas freagairt don obair nár éirigh chomh maith sin léi agus a chuir Scoláire B i láthair.

Sula léifimid an chomhairle a thug an múinteoir do Scoláire B, b'fhiú féachaint siar ar na critéir rathúlachta agus a shamhlú (fiú amháin mura múinteoir staire de chuid na sraithe sóisearaí tú!) cad a déarfá féin leis an scoláire seo chun cuidiú léi a cuid oibre a fheabhsú.

## Aiseolas don scoláire

Tá déanta go maith agat anseo, go speisialta nuair a liostáil tú na cineálacha sonraí a mbeadh eolas ag daoine orthu ina saol laethúil.

Chun feabhsú, ba chóir duit díriú go soiléir ar na hathruithe a tharla ina saol. Cad atá ar eolas againn, mar shampla, faoin stíl mhaireachtála a bhí sna ceantair sin:

- obair
- dreach pearsanta
- oideachas

Ag teacht le cleachtas McF, níl marc ná grád tairgthe ag an múinteoir don phíosa oibre. An chéad rud a ritheann linn ná aird a tharraingt ar an rud a d'oibrigh – sonraí an tsaoil laethúil. Filleann an múinteoir ar cheann de na critéir rathúlachta nuair a bhíonn sí ag iarraidh treoir chun feabhais a thabhairt don scoláire (na hathruithe ina saol a léiriú) agus spreagann sí an foghlaimeoir trí réimsí feabhsúcháin a bhreithniú. Tabhair faoi deara go bhfuil an spreagadh i bhfoirm ceisteanna a bheidh le breithniú ag an scoláire. Simplí, ach éifeachtach! An mar sin a thabharfá féin faoi?

Seo anois tuairimí an mhúinteora faoi chaighdeán an phíosa oibre seo, léirithe mar chomhairle ar chomhghleacaí, múinteoir staire eile.

## Tráchtaireacht do mhúinteoirí

- Tá ról na mban i nGearmáin na Naitsithe aitheanta ag an scoláire tríd an bplé a rinne sí ar bhoinn a bronnadh ar mhná as cúpla leanbh a thabhairt ar an saol, srl.
- Tugtar cur síos teoranta ar athruithe i stíl mhaireachtála na mban. Déantar tagairt chruinn 'dá' mac mar bhall de 'Óige Hitler' agus gur measadh é a bheith mícheart do bhean toitíní a chaitheamh go poiblí.
- D'fhéadfaí breis sonraí a iniúchadh, go speisialta maidir le ceart na mban obair a dhéanamh lasmuigh den teach
- Ar an iomlán, tuiscint sách maith ar an tasc. Tuiscint faighte ar na critéir agus roinnt d'inúchadh sonrach déanta. Beag fianaise ann go bhfuil foghlaim agus taighde neamhplseách déanta, ach soláthraítear sonraí maithe ag an am céanna.

Dá mbeadh an múinteoir seo chun marc a bhronnadh ar an obair, is as seo a thiocfadh 'an marc'. Is critéir mheasúnachta ansin a bheadh sna critéir rathúlachta don mhúinteoir agus don scoláire, mar a bhí roinnte leis an scoláire.

## Nuashonraí ar na heiseamláirí McF

Go dtí seo, tá ábhair bailithe againn sna réimsí a bhaineann le Béarla, stair, eacnamaíocht bhaile, tíreolaíocht, eolaíocht, corpoideachas, ealaín, OSSP, teicneolaíocht ábhar (adhmad), agus graificí teicniúla. Táimid ag cur samplaí le chéile faoi láthair i réimsí ábhar eile sa tsraith shóisearach lena n-áirítear Gaeilge, matamaitic, nuatheangacha, claisicigh, gnó, ceol agus oideachas reiligiúin, agus beidh siad ar fad ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Chun tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chuig: **newsletter@ncca.ie**

## Scoláire B

### Iontráil dialainne do bhean i nGearmáin na Naitsithe

*A Dhialann,*

*Ba iontach an lá a bhí ann, idir gach rud a tharla. Fuair mé bonn óir as ochtar leanaí a bheith i mo theaghlach. Seo é an tríú bonn atá faighte agam anois ar an gcúis chéanna. D'aisíocamar fiacha deiridh na hiasachta inniu freisin. Ní raibh le híoc agam féin agus Heinrich ach 550 marc de bharr go raibh Olga agam le gairid, a bhuíochas sin do Hitler.*

*Is fear iontach flaithiúil é, agus tá an t-ádh orainn go bhfuil sé mar cheannaire againn. Is ball de 'Óige Hitler' anois é an mac is sine agam Ernst, bhí sé ceithre bliana déag le déanaí.*

*Tabhair faoi deara freisin, go mór an náire don Ghearmáin í Helga Himmler, chonaic mé í i mbéal an phobail, ag caitheamh toitín!! Tá súil agam nach mbeidh daoine anuas ormsa anois mar gheall go mbínn mór léi tráth! 'Hitler Abú'*

> "Filleann an múinteoir ar cheann de na critéir rathúlachta nuair a bhíonn sí ag iarraidh treoir chun feabhais a thabhairt don scoláire"

# Athbhreithniú ábhar na sraithe sinsearaí

## Ag múnlú na todhchaí

'...ionchur dearfach i múnlú na sraithe sinsearaí'.

**Norma Murray, Múinteoir Béarla, Pobalscoil Ghleann Maghair.**

Chuir scór scoil líonra le chéile san earrach seo caite chun oibriú leis an CNCM ar fhorbairtí curaclaim agus measúnachta don tsraith shinsearach. Soláthraíonn an líonra scoile seo nasc díreach dúinn le scoileanna, áit a mbeidh na múinteoirí in ann iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir na forbairtí a chur i bhfeidhm agus ar cad iad na tacaí a bheidh ag teastáil.

Ag glacadh leis go bhfuil scoileanna sách cruógach mar atá siad, cad a spreagann iad le bheith rannpháirteach i rud a chiallaíonn go mbeidh breis oibre le déanamh acu? Feiceann Siobhán Corry, Príomhoide Mheánscoil Naomh Seosamh i Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath go leor buntáistí lena scoil féin a bheith rannpháirteach.

*'Is minic go mbraitheann múinteoirí nach bhfuil aon chluas éisteachta acu, aon tionchar. Caitheadh rudaí chuig scoileanna roimhe seo. Seo deis a bheith rannpháirteach agus difríocht a dhéanamh. Trí smaointe a roinnt ar cad a oibríonn dóibh féin sa seomra ranga cuirtear le muinín an mhúinteora agus dearbhaítear cad go díreach atá ar bun acu. Tugann an líonra deis freisin do mhúinteoirí rudaí a fhoghlaim ó scoileanna eile.'*

Deis atá ann do mhúinteoirí, dar le Príomhoide Phobalscoil Ghleann Maighir, an t-am saor a theastaíonn go géar uathu a ghlacadh chun machnaimh agus forbartha pearsanta.

*Tá spéis ag na múinteoirí inár scoil i bhforbairt ghairmiúil agus tá go leor acu ag tabhairt faoi chúrsaí ina gcuid ama féin. Feicimid é sin mar dheis iontach chun machnamh a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim laistigh den chomhthéacs tionchar a imirt ar athrú. Agus tugann sé deis do mhúinteoirí óga a bheith rannpháirteach.'*

Trí réimse oibre atá faoi chaibidil ag múinteoirí an líonra faoi láthair: **eochair scileanna, aonaid idirthréimhseacha agus cláir solúbtha.**

### Eochair scileanna

Bíonn go leor múinteoirí ag gearán go mbíonn scoláirí na sraithe sinsearaí éighníomhach ina gcuid foghlama – suíonn siad ag deasca, ag breacadh síos nótaí nó ag léamh as téacsleabhar. Labhraíonn siad freisin faoin mbrú níos mó atá ann freagraí agus foirmlí a úsáidfear 'sa scrúdú' a thabhairt do scoláirí.

Dar le múinteoir amháin,


*'Ní bhíonn a fhios ag scoláirí conas rudaí a oibriú amach dóibh féin. Bíonn siad ar thóir torthaí láithreacha agus ní dhéanfaidh siad iarracht tástáil a dhéanamh ná coinneáil leis an ábhar. Ní thuigeann siad gur féidir foghlaim fiú nuair nach n-éiríonn leat.'*

Bíonn múinteoirí an líonra dóchasach go dtabharfaidh an t-athrú curaclaim níos mó ama dóibh chun scileanna atá tábhachtach don saol agus don fhoghlaim a theagasc – smaointeoireacht chriticiúil, nuáil a dhéanamh i gcás athruithe agus dul in oiriúint dóibh, faisnéis a phróiseáil, oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann. Is mar seo a chuireann Helen Barett, múinteoir as Meánscoil na Toirbhirte Thuaidh, Corcaigh an cás,

*'Ba mhaith liom imeacht ó fhoghlaim statach agus cur chuige níos dinimicúla agus níos*



info@ncca




*gníomhaí a ghlacadh a cumasóidh foghlaim don saol.'*

Tá grúpa múinteoirí i scoileanna an líonra i mbun machnaimh ar a gcuid teagaisc féin agus ar conas a neadaítear eochair scileanna sa teagasc a dhéantar ar ábhar ar leith. Tá sé i gceist acu díriú ar a gcuid teagaisc féin le sraith ceisteanna ina n-intinn:

- → Cad iad na scileanna is éasca a neadú i ngach ábhar?
- → Conas a thugtar na scileanna sin chun fíre?
- → Cad iad na modhanna teagaisc is fearr a oireann d'fhorbairt scileanna?
- → Cad iad na srianta atá ann ó thaobh eochair scileanna a neadú níos doimhne sa churaclam?

Féachfaidh siad freisin ar conas is féidir le modhanna measúnachta difriúla tacú le forbairt eochair scileanna.

## Aonaid idirthréimhseacha

Comhchodanna nua curaclaim de chuid na sraithe sinsearaí a bheidh sna hAonaid Idirthréimhseacha (AI). I bhforbairt AI, is féidir le scoileanna roinnt aonad nua a fhorbairt a osclóidh suas réimse nua foghlama do scoláirí. B'fhéidir go roghnóidís roinnt de na modúil a thairgeann siad cheana féin mar chuid dá gclár Idirbhliana a athdhréachtú mar AI.

Is féidir le scoileanna oibriú freisin le gníomhaireachtaí seachtracha nó grúpaí pobail chun AI a fhorbairt.
Tá an CNCM ag obair le múinteoirí Idirbhliana ón líonra chun tacú leo an chéad bhailiúchán d'AI a fhorbairt. Is é an smaoineamh atá laistiar de ná go gcuirfí ar fáil iad ar an láithreán gréasáin mar shamplaí chun scoileanna a threorú lena gcuid aonad féin a ghiniúint. Ar na hAI atá ar fáil cheana féin tá táirgeadh físeáin, staidéir dlí, ábhair bhia, teacht ar ealaín na hÉireann, eolas ar bhitheicneolaíocht, eolaíocht spóirt agus staidéir ar thubaistí. Tá breis AI ar an mbealach ar ábhair mar oideachas imshaoil, Spáinnis, Gaeilge, matamaitic phraiticiúil, claisicigh, staidéir ar scannáin, OR, TFC agus tuilleadh. Faigh iad ag: **www.ncca.ie** nó, téigh chuig leathanach 9 chun tuilleadh eolais a fháil ar AI.

## Cláir solúbtha

*'Tá dúshlán mór aimsithe againn i bhfreastal ar riachtanais na scoláirí difriúla ar fad atá sa tsraith shinsearach'.*

**Triona Glacken, Príomhoide, Meánscoil Naomh Pól, Greenhills, Baile Átha Cliath.**

Tá ocht gcinn de scoileanna ón líonra tosaithe ag obair ar chláir staidéir níos solúbtha, dírithe agus níos pearsanta a fhorbairt dá gcuid scoláirí sa tsraith shinsearach. D'áireofaí leis na cláir sin comhchodanna curaclaim éagsúla i leaganacha amach difriúla. Deireann Ciaran Cooke, Príomhoide Mheánscoil na Toirbhirte Thuaidh, Corcaigh:

*'Tuigim nach n-oireann cur chuige 'saghas amháin do chách' gach scoláire. Caithfimid tosú lena gcuid riachtanas agus níos mó rogha agus úinéireachta a thabhairt do scoláirí ar a gcuid foghlama.'*

Chomh maith le bealaí difriúla a iniúchadh inar féidir leis an scoil freastal níos fearr ar scoláirí trí churaclam a fhorbairt a oireann dá riachtanais, féachfaidh an tionscadal seo freisin ar an tionchar atá ag teagasc agus ag an timpeallacht scoile ar rannpháirtíocht, spreagadh agus dul chun cinn níos mó a chothú sna scoláirí.

*'Ba chóir creidiúnú a thabhairt do bhuanna nádúrtha éagsúla nach n-aithníonn an Ardteistiméireacht thraidisiúnta trí mhodhanna nua teagaisc agus measúnachta níos solúbtha a thabhairt isteach, agus mar sin an córas ar fad a bheith níos uilechuimsithí do scoláirí.*

**Séan McCarthy, Príomhoide, Coláiste Pobail Lios Tuathail**

## Réimsí eile oibre

Beidh an CNCM ag obair amach anseo le múinteoirí líonra chun na bealaí ar féidir le scoláirí a bheith níos éifeachtaí agus níos rathúla mar fhoghlaimeoirí, níos cumhachtaí agus níos féintreoraithe ina gcuid foghlama agus chun na cineálacha cuir chuige i dtaca le teagasc agus foghlaim a thacóidh leis na hathruithe sin a iniúchadh. Beimid ag féachaint freisin ar chuir chuige difriúla maidir le measúnú chun foghlama agus measúnú ar an bhfoghlaim.

Beidh roinnt de pheirspictíochtaí na scoláirí ar ghnéithe den tsraith shinsearach le feiceáil in eagrán an earraigh de **info@ncca.**

Tá breis eolais faoi fhorbairtí na sraithe sinsearaí le fáil ar ár láithreán gréasáin.

# Ag teagasc i suíomh coinneála

Is minic go dtagann Oifigigh Oideachais CNCM as suímh teagaisc éagsúla, agus ní haon eisceacht duine de na comhaltaí is nuaí dá gcuid, Pierce Nolan, atá ag múineadh teicneolaíocht innealtóireachta, TFC agus líníocht theicniúil le 17 bliana sa tseirbhís oideachais phríosúin. Trína chuid oibre mar mhúinteoir maoirseachta cúnta/múinteoir teagmhála scoláirí, rinne sé a dhícheall an t-aonad oideachais a chur in aithne do phríosúnaigh agus déileáil le fadhbanna oideachais a d'fhéadfadh a bheith acu. Bhíomar fiosrach maidir le bheith ag teagasc nó ar scoil i bpríosún, agus chuireamar roinnt ceisteanna ar Pierce.



Prisoner's Art. Title: Bounds.

## Conas a eagraítear oideachas sa phríosún?

Is éard atá sa tSeirbhís Oideachais Phríosúin in Éirinn ná comhpháirtíocht idir Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus raon gníomhaireachtaí oideachais ón bpobal. Ina measc sin tá na Coistí Gairmoideachais, An tSeirbhís Leabharlainne Phoiblí, An Ollscoil Oscailte, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, agus An Chomhairle Ealaíon.

## Cad é príomhchuspóir na seirbhíse?

Clár oideachais ardchaighdeáin, leathan agus solúbtha a sholáthar a fhreastalaíonn ar a riachtanais siúd atá faoi choinneáil. Cuidíonn sé leo déileáil le téarma príosúnachta, forbairt phearsanta a bhaint amach, ullmhú don saol tar éis dóibh a bheith i bpríosún, agus fonn agus cumas foghlama fad saoil a bhunú.

## Cad iad na cineálacha cúrsaí a mbíonn rochtain ag príosúnaigh orthu?

Tá éagsúlacht i raon agus i líon na gcúrsaí agus tá an t-oideachas a sholáthraítear dírithe go huile agus go hiomlán ar an scoláire, agus roghnaíonn na scoláirí a gcuid clár staidéir féin. Tá cúrsaí ar fáil iontu seo a leanas:

- **bunoideachas** (lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht)
- **ábhair ghinearálta** (Béarla, stair, tíreolaíocht, matamaitic, teangacha, ríomhairí)
- **corpoideachas**
- **eacnamaíocht bhaile**
- **oideachas sláinte**
- **na healaíona** (amharcealaíona, ceol, drámaíocht, scríbhneoireacht chruthaíoch, grianghrafadóireacht)
- **ábhair phraiticiúla** (obair miotalóireacht, adhmadóireacht, gairneoireacht, líníocht theicniúil, CAD)
- **cúrsaí bunaithe ar sainriachtanais na bpríosúnach** (cúrsaí réamhscaoileadh amach, feasacht andúileachta, cúram leanaí, scileanna grúpa, bainistiú feirge, forbairt phearsanta, cumarsáid, scileanna saoil, agus mar sin de).

Tá an-tóir ar eacnamaíocht bhaile i bhformhór na n-aonad oideachais (cén fáth nach mbeadh!) chomh maith le hábhair phraiticiúla eile agus na healaíona sa dara háit.

## Conas a eagraítear teagasc agus foghlaim?

Tá roinnt gnéithe iontacha ag baint leis an stíl teagaisc agus foghlama i bpríosúin na hÉireann. Mar is oiriúnach d'oideachas aosach, fágtar go leor faoi bhreithiúnas pearsanta na múinteoirí ar an mbealach a bpleanáiltear agus a dtugtar ranganna, cúrsaí agus gníomhaíochtaí.

Bhí tionchar ag an úsáid a baineadh as eispéiris phearsanta na bpríosúnach agus an spéis a bhí acu sa phróiseas foghlama ar an modheolaíocht atá mar bhonn taca ag oideachas príosúin. Déanann múinteoirí iarrachtaí móra dul in oiriúint do thimpeallacht an phríosúin ar leith bídis ag obair le hógánaigh, fir níos sine, le mná, nó le ciontóirí gnéis. Is minic go mbíonn seomraí ranga an phríosúin neamhfhoirmiúil chun timpeallacht foghlama neamhbhagrach, solúbtha agus spreagúil a chruthú do na scoláirí.

Bíonn líon beag scoláirí sna ranganna agus neartaíonn sé sin an caidreamh múinteoir-scoláire agus tugann sé deis teagasc níos indibhidiúla a chur ar bun. Tá amchlár na scoile leagtha amach chun dul in oiriúint do réimeas an phríosúin ó lá go lá, bíonn ranganna



Ealaín Phríosúnaigh. Teideal: Léibheann, Príosún Phort Laoise

ar siúl idir an bricfeasta agus béile meán lae agus bíonn ranganna ann arís san iarnóin. Bíonn ranganna tráthnóna ar siúl freisin sa chuid is mó de na príosúin.

## Conas a oireann siad d'imeachtaí eile?


Ag an am céanna a mbíonn ranganna ar bun, éascaíonn réimeas an phríosúin cuairteanna chuig an bpríosún, dul os comhair cúirte, clinicí dochtúirí agus fiaclóireachta, ceardlanna oiliúna agus dualgais príosúin. Ciallaíonn sé sin go mbíonn teorainn le tinreamh na scoláirí sna ranganna agus go mbíonn sé deacair a rá uaireanta an mbeidh siad i láthair nó nach mbeidh. Tá dúshlán eile ag na múinteoirí maidir le teacht agus imeacht príosúnach gearrthréimhseach agus leis an achar a fhanann príosúnaigh níos fadtéarma ó thaobh dhifreáil na n-eispéireas foghlama de.

## Timpeallacht sách casta le bheith ag obair inti, nach ea?

Is dóigh gurb ea i ndáiríre. Oibríonn múinteoirí le príosúnaigh atá ag déileáil ar bhonn laethúil le bheith faoi ghlas agus na torthaí atá leis sin, ceisteanna mar ísle brí, fearg, faitíos, drochshláinte, imní faoina dteaghlach nó faoi chaidrimh phearsanta. Uaireanta, in ainneoin a gceapfá, bíonn brú ar phríosúnaigh nuair a thagann cuairteoirí ón taobh amuigh. Bíonn go leor ag iarraidh a bheith ag teacht ó andúileacht éigin. Agus chomh fada is a bhaineann sé le scolaíocht inti féin, is minic go mbíonn deacrachtaí tromchúiseacha acu le litearthacht agus uimhearthacht.

## Cad faoi leibhéil ghnóthachtála agus deimhniúchán?

Déanann scoláirí scrúduithe ag gach leibhéal agus faigheann siad creidiúnú ó raon leathan eagraíochtaí dámhachtana. Príomhréimse is ea an deimhniúchán in-tí ar chúrsaí arna bhforbairt ag na múinteoirí sa tseirbhís oideachais phríosúin, agus atá deimhnithe ag roinnt de na coistí gairmoideachais, mar fhreagra díreach ar leasa agus ar riachtanais na scoláirí. Cuidíonn an t-aitheantas a thugtar do dhul chun cinn chun féinmhuinín agus féinmheas a thabhairt do na scoláirí, rud a bhíonn ar an drochuair in easnamh i réimsí eile dá saol. Tá tábhacht freisin le haitheantas poiblí do ghnóthachtáil den sórt sin, fiú



Ealaín Phríosúnaigh. Teideal: Peggy

amháin más mion-aitheantas teoranta é. Tríd an obair a chur os comhair an phobail meabhraítear don saol lasmuigh nach bhfuil príosúnaigh imithe gan tásc gan tuairisc ach gur chuid dár bpobal iad i gcónaí.

# Oideachas sóisialta agus polaitiúil



## Oideachas sóisialta agus polaitiúil. Cén fáth?

Tá domhandú ag athrú an tsaoil ina maireann ár ndaoine óga. Leis an méadú i luas agus in éascaíocht na cumarsáide tá malairt chultúrtha tarlaithe idir codanna difriúla den domhan. I saol arb é Guinness rogha na dí i Ruanda agus tóir thar cuimse ar Riverdance sa tSín, mothaítear tionchair chultúrtha as codanna eile den domhan in Éirinn freisin. Tá ár gcultúr ag cur thar maoil le ceol agus cláir theilifíse ó Mheiriceá, sobalchláir ón Astráil, scannáin aicsin ó Hong Cong, cluichí *sudoku* ón tSeapáin, bia ón Iodáil, agus stíleanna gruaige ón Afraic. Tugann an próiseas sin níos mó roghanna do dhaoine óga maidir lena saol i gcomparáid le glúnta roimhe seo, ach tugann sé dúshláin freisin: an gá atá le bheith ábalta roghanna oilte a dhéanamh maidir lena bhféiniúlacht féin a bhainistiú agus a bheith ábalta an imní a bhaineann le raon roghanna den sórt sin a bhainistiú nó a sheachaint. Tugann sé dúshlán dóibh freisin maidir leis an mbealach a bhainfidh siad leas criticiúil as an saibhreas atá ar fáil dóibh ionas gur féidir leo roghanna a dhéanamh a chuirfidh luach ar a gcultúr féin i gcomhthéacs éagsúlacht chultúrtha.

Bíonn deiseanna agus dúshláin eile sa domhandú do dhaoine óga freisin:

- Táthar in ann teacht ar eolas faoi aon topaic faoin spéir le teicneolaíochtaí cumarsáide nua agus gan le déanamh ach cnaipe beag a bhrú. Bíonn níos mó tábhachta le scileanna chun foinsí eolais a mheas go criticiúil.
- Tá athrú tagtha ar na cineálacha poist atá ar fáil do dhaoine in Éirinn mar gheall ar dhomhandú inár n-eacnamaíocht chomh maith leis na cineálacha scileanna a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh san eacnamaíocht nua sin. Is minic a theastaíonn scileanna idirchultúrtha agus idirphearsanta ónár ndaoine óga chomh maith le scileanna teicniúla agus gairmiúla.
- Cé gur chuidigh domhandú le fás eacnamúil na hÉireann, ní raibh an t-ádh céanna ar gach tír. Taispeánann suirbhéanna ar dhaoine óga as Éirinn go mbíonn bochtaineacht sa Tríú Domhan ag déanamh imní dóibh. Tá tuiscint ar na próisis a bhfuil ról acu i saincheisteanna forbartha agus imshaoil fíorthábhachtach, mar sin, má táthar chun ár ndaoine óga a chumasú an tionchar atá uathu ar an saol a bhaint amach.
- Bíonn tionchar freisin ag domhandú sa pholaitíocht ar a saol. Beidh tionchar níos mó ná riamh ag ollchomhlachtaí náisiúnta mar na Náisiúin Aontaithe (NA), an Eagraíocht Trádála Domhanda agus – go speisialta- an tAontas Eorpach (AE) ar shaol na ndaoine óga. Ach de réir dealraimh, mar thoradh ar mhéadú thionchair na gcomhlachtaí sin agus ar an bhfás san indibhidiúlachas, bíonn daoine óga ar deighilt ar fad ó shaincheisteanna polaitiúla, nó i mbun foirmeacha gnímh pholaitiúla nua agus neamhthraidisiúnta a fhorbairt mar tomhaltas eiticiúil nó dul isteach i ngluaiseachtaí sóisialta nua.

Is minic gur éirigh oideachas sóisialta agus polaitiúil i bhfad níos tábhachtaí mar gheall ar na hathruithe sin go hidirnáisiúnta. Tá oideachas saoránachta lárnach do straitéis Liospóin an AE chun an AE a fhorbairt mar an tsochaí eolasbhunaithe is iomaíche ar domhan. Mar sin

- is téama lárnach é i gCreatlach an AE don Fhoghlaim Fad Saoil
- is fócas é do Chomhairle na hEorpa
- is ábhar lárnach é do Dheich mBliana Oideachais Forbartha Inbhuanaithe na NA 2005-2015.

info@ncca

# i ndomhan atá ag athrú

Níl aon amhras ach go bhfuil sé nasctha in Éirinn le hobair an Tascfhórsa ar Shaoránacht Ghníomhach a cheap an Taoiseach le déanaí.

## Conas a thacóidh oideachas sóisialta agus polaitiúil sa tsraith shinsearach le daoine óga an t-eolas agus na scileanna a bheidh de dhíth orthu a ghnóthachtáil chun a gcuid spriocanna féin a leagan amach agus a bhaint amach go héifeachtach i saol an lae inniu?

Aibhsíonn taighde ar eispéireas idirnáisiúnta an oideachais shóisialta agus pholaitiúil go bhfuil comhthoil níos mó ann gur chóir dó díriú ar "glúin neamhchlaonta, léirmheastach, daonlathach agus claonta i dtreo gnímh a chothú gur dóigh a thabharfaidh ómós do chearta dhaoine eile'. Ba chóir go dtarraingeodh ábhar den sórt seo ar dhisciplíní mar staidéir pholaitiúla, socheolaíocht agus fealsúnacht, ba chóir go ndíreodh sé ar chur ar chumas daoine óga tuiscint a fháil ar an saol sóisialta agus polaitiúil ina maireann siad, oibriú go criticiúil leis na cásanna a chuireann daoine eile ina láthair, a n-intinn féin a dhéanamh suas agus gníomh a ghlacadh bunaithe ar a gcuid cinntí féin. D'fhéadfadh ábhar den sórt sin nasc éifeachtach a dhéanamh agus tacú le forbairt leanúnach Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil na sraithe sóisearaí agus le OSSP chuideodh sé freastal ar riachtanais dhaoine óga na hÉireann i saol atá ag athrú.
Mar chuid de na forbairtí sa tsraith shinsearach, tá an CNCM ag forbairt ábhar nua sa réimse a bhaineann le hoideachas sóisialta agus polaitiúil.

Molfar é sin mar ábhar iomlán, roghnach don Ardteistiméireacht. Tá tús curtha leis an obair le foilsiú Páipéir Chúlra a leagann amach nádúr an réimse sin agus creatlach chun an t-ábhar a fhorbairt. Cuirfear dréachtsiollabas i láthair le haghaidh comhairliúcháin iomláin le linn na bliana 2007.



# Curaclam na Bunscoile

## Céim 2 den Athbhreithniú.

Tá sé deacair a chreidiúint gur thosaíomar ar inseirbhís don Ghaeilge ceithre bliana ó shin, agus trí bliana ó shin i gcás na hEolaíochta agus OSPS. Tá sé fíor áfach, agus tá sé in am anois féachaint ar chomh maith is atá ag éirí le curaclam na n-ábhar seo i seomraí ranga ar fud na tíre

Mar thoradh ar an bhfreagairt láidir ó mhúinteoirí ar áisiúlacht na dteimpléad Béarla, matamaitice agus amharcealaíon in 2003/2004, d'fhorbair an CNCM *Teimpléad Athbhreithnithe agus Athmhachnaimh do Mhúinteoirí,* atá dírithe ar Ghaeilge, Eolaíocht agus OSPS. Tá an teimpléad ar fáil ar **www.ncca.ie** ó dheireadh Dheireadh Fómhair agus fuair tú cruachóip de duit féin le húsáid i mí na Samhna. Is í aidhm an teimpléid ná cuidiú leat machnamh ar d'eispéireas leis na trí ábhair sa seomra ranga:

- Cad iad na codanna de na hábhair atá ag obair go maith duitse?
- Cad iad na codanna atá dúshlánach?
- Conas atá curaclam na dtrí ábhar ag dul i bhfeidhm ar fhoghlaim na leanaí?
- Conas atá na trí ábhair ag socrú isteach mar chuid den churaclam ina iomláine?
- Cad iad na gnéithe de gach ábhar a mba mhaith leat tús áite a thabhairt dóibh i do chuid teagaisc sna míonna amach anseo?

Nuair a rinneamar uaslódáil ar na teimpléid ar an láithreán gréasáin i mí Dheireadh Fómhair seo caite, thugamar cuireadh do mhúinteoirí as 200 scoil ar fud na tíre a n-eispéireas pearsanta ar chur i bhfeidhm an churaclaim don Ghaeilge, Eolaíocht agus OSPS a roinnt linn agus táimid buíoch do gach duine a d'aontaigh a bheith páirteach. Más múinteoir tú i gceann de na scoileanna sin, an bhfuil do theimpléad comhlánaithe agus seolta ar ais agat? Má tá, 'go raibh maith agat!' Mura bhfuil, bheimís buíoch díot ach sin a dhéanamh sna seachtainí romhainn. Úsáidfimid an t-eolas chun aird a tharraingt ar na míreanna éagsúla den churaclam Gaeilge, Eolaíocht agus OSPS atá ag obair go maith, agus na tacuithe curaclaim, más ann dóibh, a mhothaíonn múinteoirí a chuideodh leo ina gcuid teagaisc. Gheobhaimid amach freisin má tá codanna den churaclam nach bhfuil ag obair!

Mura raibh do scoil ar cheann den 200 a fuair cuireadh páirt a ghlacadh i gCéim 2 dár n-athbhreithniú ar an gcuraclam, agus go mba mhaith leat do thaithí ar an nGaeilge, Eolaíochta agus/nó OSPS a theagasc a roinnt linn, logáil isteach le do thoil ar **www.ncca.ie** chun do chuid smaointe a thabhairt ar líne.

# Teimpléid do Chártaí Tuairisce

'Cá n-imíonn an t-am?' Ceist a chuireann gach duine, ach ceann atá níos coitianta i scoil ná in aon áit eile. Tá an Nollaig tagtha agus imithe agus tá leath den scoilbhliain beagnach imithe. Ar an láimh eile, tá sé beagáinín luath b'fhéidir a bheith ag caint ar thuairiscí scoile deireadh-bhliana.

B'fhéidir gur cuimhin leat píosa faoi chleachtas tuairisce i mbunscoileanna i dtíortha eile a léamh in eagrán an tsamhraidh de **info@ncca.** Ag tógáil ar an obair sin, tá dréacht-Teimpléid do Chártaí Tuairisce forbartha ag an CNCM chun tacú le scoileanna tuairisciú do thuismitheoirí ar ghnóthachtáil agus ar dhul chun cinn a leanaí agus táimid ag fáil amach cad a cheapann scoileanna fúthu.

Tá roinnt de na dréacht-teimpléid sin ar fáil ar an láithreán gréasáin **www.ncca.ie.** Ina measc, tá siad seo a leanas:

- **Teimpléid eatramhacha** – chun eolas a roinnt le tuismitheoirí le linn na scoilbhliana, mar shampla, le linn cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.
- **Teimpléid deireadh-bhliana** – chun tuairisciú do thuismitheoirí ar eolas measúnachta ag deireadh na scoilbhliana.

De bhrí go mbíonn leanaí ag foghlaim ar bhealaí difriúla ag céimeanna difriúla ina gcuid oideachais bunscoile, díríonn roinnt de na teimpléid ar thuairisciú do thuismitheoirí leanaí i ranganna naíonán, agus úsáidtear teimpléid eile chun tuairisciú ar leanaí i ranganna 1 - 6.

www.cartoonstock.com




"Perhaps I possess the kind of wisdom that only comes with age."

Tá béim fhoirmitheach ag na teimpléid eatramhacha – ag féachaint ar threo foghlama na leanaí, agus ar bhealaí inar féidir le tuismitheoirí tacú leis an bhfoghlaim sin. B'fhéidir go smaoineofá an cineál sin teimpléid a úsáid nuair a bhíonn tú ag ullmhú do chruinnithe duine-ar-dhuine le tuismitheoirí leanaí do ranga(nna). Cuireann an teimpléad eatramhach ar do chumas pointí agus leideanna praiticiúla a thabhairt do thuismitheoirí ar conas a d'fhéadfaidís tacú le foghlaim a leanaí i rith na coda eile den scoilbhliain. Mar shampla, b'fhéidir go ndíreofá ar conas a d'fhéadfadh tuismitheoirí cuidiú lena leanbh teacht ar eolas ar láithreán gréasáin le haghaidh tionscadal staire nó chun iniúchadh simplí eolaíochta a dhéanamh. D'fhéadfadh tuismitheoir díriú níos mó ar am scéalaíochta a roinnt agus níos mó ama a chur ar fáil chun caint agus plé a bheith acu lena leanaí.

Mar a bheifeá ag súil, is achoimre is mó atá i gceist le teimpléid deireadh-bhliana – tugann siad tacaíocht don mhúinteoir tuairisciú ar a bhfuil bainte amach ag an leanbh chomh maith le treoracha a mholadh d'fhoghlaim an linbh sa bhliain atá le teacht.

## Ag Tástáil na dTeimpléad

Tá an CNCM ag obair le 14 scoil ar fud na tíre faoi láthair chun a fháil amach cé chomh háisiúil agus chomh mór is féidir bainistiú a dhéanamh ar na teimpléid chun tuairisciú do thuismitheoirí.

'Buíochas mór' daoibhse na príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus leanaí sna scoileanna sin as ucht a bheith sásta bhur n-eispéireas ar úsáid na dteimpléad i rith na scoilbhliana a roinnt linn.

Cén fáth nach mbíonn tusa páirteach sa tionscnamh seo freisin? Tá na teimpléid, chomh maith le pointí treorach ar a n-úsáid, ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM d'aon scoil chun triail a bhaint astu. Ba bhreá linn cloisteáil uait, más ag úsáid na dteimpléad meánbhliana nó deireadh-bhliana a bheidh tú:

- An raibh na teimpléid áisiúil ó thaobh tuairiscí a ullmhú do thuismitheoirí i do scoil?
- Cén chuid nó codanna de na teimpléid b'áisiúla nó nach raibh chomh háisiúil sin?
- Ar spreag na teimpléid tú chun smaoineamh ar bhealach difriúil faoi thuairisciú do thuismitheoirí? Conas?
- Conas a thug tuismitheoirí freagra ar athruithe i do chleachtas tuairiscithe?

Úsáidfidh an CNCM aiseolas ó scoileanna chun bailchríoch a chur ar na teimpléid le linn samhradh na bliana 2007. Beidh na leaganacha deiridh ar fáil do gach scoil le linn na scoilbhliana 2007/2008.

## Tuilleadh eolais ar thuairisciú

Chomh maith le hoibriú go díreach le scoileanna in iarracht dréacht-teimpléid a thástáil, tá coimisiúnú déanta againn freisin ar thaighde ó thaobh tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí. Is í aidhm an taighde sin ná pictiúr níos mó a chruthú de chleachtas tuairiscithe in ár mbunscoileanna. Cuirfidh an taighde leis an eolas atá bailithe ó scoileanna atá ag tástáil na ndréacht-teimpléad agus treoróidh sé forbairt leanúnach an chleachtais thuairiscithe i mbunscoileanna.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil ar na dréacht-Teimpléid do Chártaí Tuairisce, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie.**